**Aighneacht chuig Comhairle Contae na Gaillimhe maidir le Plean an Chontae 2022 – 2028.**

Fáiltíonn Comharchumann Shailearna roimh an deis a bheith againn aighneacht a chur chuig Comhairle Contae na Gaillimhe ar mhaithe leis na nithe seo a leanas atá chun leasa an chomharchumainn agus an cheantair a chur in bhur láthair agus sibh ag ullmhú plean nua na comhairle.

**Aidhmeanna Chomharchumann Shailearna Teo.,**

I. Caomhnú agus leathnú na Gaeilge ar a n-áirítear an phleanáil teanga trí chruthú fostaíochta agus seirbhísí.
II. Forbairt naíolann agus naíonraí ar mhaithe le forbairt an linbh agus le buanú na Gaeilge i measc óige na Gaeltachta agus na Gaeilge ar mhaithe le seachadadh na Gaeilge ó ghlúin go glúin.
III. Seirbhísí cúram leanaí mar shlánchuid de phleanáil teanga a phleanáil agus tacú leis na struchtúir chuí a bhunaítear chun na críche sin ar a n-áirítear conarthaí seirbhíse.
IV. Forbairt scileanna ríomhaireachta agus nuatheicneolaíochta i measc daoine óga agus daoine nach bhfuil chomh hóg.
V. Forbairt an oideachais tríú leibhéal agus oideachas den dara seans trí thógáil ar oiliúint sa gcúram leanaí, sa gcúram aosach agus sa bpleanáil teanga sna réimsí oibre atá riachtanach d'fhostaíocht sna réimsí sin agus i réimsí eile chomh maith le cuidiú le daoine atá ag gabháil do cheird, do ghnó nó do ghairm ar bith.
VI. Forbairt turasóireacht chultúrtha Ghaeilge-lárnaithe ar a n-áirítear tógáil ar a bhfuil bainte amach i bhforbairt na gColáistí Gaeilge go dtí seo.
VII. Forbairt acmhainní aclaíochta, spóirt agus caitheamh aimsire don phobal agus do thurasóirí.
VIII. Forbairt áiseanna agus acmhainní cultúrtha agus siamsaíochta trí Ghaeilge don phobal agus do thurasóirí agus mar bhealach le turasóirí ar suim leo sin a mhealladh chun an cheantair.
IX. Tithíocht a sholáthar do dhaoine agus freisin acmhainní a aimsiú le cóiríocht a fheabhsú do dhaoine nach acmhainn dóibh féin sin a dhéanamh.
X. Céimeanna a ghlacadh le héascaíocht a dhéanamh do theaghlaigh sa bpobal cur fúthu sa bpobal ar a n-áirítear sárú constaicí pleanála, pleanáil scéimeanna séarachais, forbairt leathanbhanda agus forbairt suíomhanna le bheith ar fáil do dhaoine ó cheantar an Chumainn nó do dhaoine atá fostaithe sa gceantar sin nó gar dó le tithe cónaithe dóibh féin a thógáil orthu.
XI. Úsáid a bhaint as acmhainní stáit agus údaráis áitiúla le tithíocht a sholáthar dóibh siúd nach acmhainn dóibh tithe a thógáil ná a cheannacht.
XII. Tithe a thógáil agus a dhíol le muintir na háite agus le Gaeilgeoirí ar mian leo cur fúthu i gceantar an Chumainn.
XIII. Tithe a thógáil taobh amuigh de cheantar an Chumainn mar chomhoibriú le pobail eile Ghaeltachta a chuideodh leo a gceantar a láidriú mar Ghaeltacht.

XIV. Daoine a fhostú chun seirbhísí glantacháin, freastail agus cothabhála a sholáthar do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí ar tháille.

XV. Seirbhísí bainistíochta, riaracháin agus rúnaíochta trí Ghaeilge a thairiscint do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí Gaeltachta agus Gaeilge.

XVI. Scoileanna eachtraíochta do pháistí/déagóirí de bhunú na Gaeltachta ina mbeadh cluichí, snámh, cadhaiceadóireacht, rothaíocht agus rl. mar atá ar fáil sa gColáiste Uisce, Delphi, agus in Ionad Eachtraíochta an Chaoláire Rua agus go bhfeidhmeodh na scoileanna eachtraíochta seo trí mheán na Gaeilge.

XVII. Amharclann Chois Fharraige a fhorbairt go suntasach.

XVIII. Gorlanna agus ionaid nuálaíochta a fhorbairt ar mhaithe le cruthú agus buanú fostaíochta trí mheán na Gaeilge.

XIX. Scéim sábhála fuinnimh do thithe i gceantar an Chumainn a fhorbairt agus a fheidhmiú.

XX. Foscáin do bhusanna agus áiseanna gaolmhar a sholáthar i gceantar an Chumainn.

XXI. Comhoibriú le meáin chumarsáide agus lucht riartha céimeanna cumarsáide ar mhaithe le poibliú agus feidhmiú cuspóirí an Chumainn.

XXII. Ceannródaíocht a thabhairt i bhforbairt foirgneamh agus áiseanna d'ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí Gaeilge, do lucht spóirt, do chlubanna óige, do lucht aclaíochta, d'aosaigh agus d'easláin.

XXIII. Eagrú éigsí faoi théamaí éagsúla agus ócáidí ceoil, amhránaíochta, aisteoireachta agus rl. a fhorbairt chun tuismitheoirí agus gaolta lucht freastail na gColáistí Gaeilge a thugann cuairt ar a bpáistí a mhealladh le tréimhsí níos faide a chaitheamh i gceantar an Chumainn agus blaiseadh a fháil de Ghaeilge agus d'oidhreacht an cheantair.

XXIV. Scéimeanna uisce a eagrú, a phleanáil, a dhearadh agus a dhéanamh.

XXV. Scéimeanna forbartha portaigh ar a mbeidh draenáil agus straidhpeáil portaigh agus baint mhóna chomh maith le plotanna móna a roinnt ar an bpobal.

XXVI. Déanamh agus deisiú bóithre áise agus bóithre portaigh.

XXVII. Eagrú agus déanamh scéimeanna draenála ar phortaigh agus ar thalamh eile.

XXVIII. Ceapadh, eagrú agus déanamh scéimeanna feabhsú talún.

XXIX. Banc talún a chruthú a chuideoidh leis an gCumann a chuspóirí réamhráite a chur i gcrích.

XXX. Beartú agus cur i gcrích scéimeanna forbartha pobail.

XXXI. Tríd is tríd dul i mbun aon ghnó nó idirbheart a cheapfadh an Cumann a bheith cabhrach go díreach nó go hindíreach do leas nó do chaoithiúlacht na scairshealbhóirí agus gach uile rud a dhéanamh a bheidh riachtanach nó oiriúnach ó am go ham chun na haidhmeanna réamhráite nó aon cheann acu a chur i gcrích.

XXXII. Tacaíocht a fháil ó fhoinsí stáit agus príobháideacha le staidéar a dhéanamh ar inmharthanacht tograí éagsúla gnó a eascraíonn as cuspóirí an Chumainn.

XXXIII. Iarratais a ullmhú agus cás a dhéanamh le ranna agus eagraíochtaí stáit le maoiniú cuí a fháil don obair Ghaeilge, Ghaeltachta, shóisialta, chultúrtha agus déantúsaíochta atá agus a bheidh idir lámha ag an gCumann ar mhaithe le forbairt an cheantar feidhme.

XXXIV. Céimeanna a ghlacadh agus tionchar a imirt chun na heagraíochtaí stáit a mbíonn an Cumann ag brath orthu lena maoiniú.

**I comhthéacs aidhmeanna Chomharchumann Shailearna Teo., ba mhaith linn an aighneacht seo a chur i láthair Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus an Plean Nua Contae 2022 – 2028 á ullmhú.**

**(1) Cead pleanála a bheith ar fáil do dhaoine/teaghlaigh óga de bhunú na Gaeltachta:**

Tá iarrtha ag scairshealbhóirí an Chomharchumainn ina bhfuil gar do mhíle duine ann sa gceantar ó Dhroichead an Spidéil siar go Droichead Chasla, go bhfuil fíor riachtanas le cead pleanála a bheith ar fáil do dhaoine atá ina gcónaí sa gceantar nó gur de bhunú na Gaeltachta iad ar ghabhháltas a muintire nó ar thalamh a cheannaíonn siad san áit más daoine iad nach bhfuil gabhháltas ag a muintir ach gur tógadh san áit iad nó go bhfuil siad ag cónaí san áit le tamall.

Tá muid á iarraidh seo le go mbeidh pobal Chois Fharraige atá suite i nGaeltacht láidir in ann cur fúthu sa gceantar a bhfuil a muintir taréis a saol a chaitheamh ann nó gur ann a rugadh agus tógadh iad. Tá sé seo rí thábhachtach más leis an nGaeltacht láidir seo maireachtáil agus an teanga a sheachadadh ó ghlúin go glúin.

Is cuid lárnach d’oidhreacht na hÉireann an Ghaeilge, a cultúr agus a litríocht. Tá áit faoi leith ag an nGaeilge i mbunreacht na tíre agus tá rialtais éagsúla ó bunaíodh an stát a bhfuil caomhnú agus leathnú na Gaeltachta ar a n-aire acu. Mar sin tá sé riachtanach go mbeadh aon phlean a d’fhoilseodh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cinntiú go mbeidh pobal na Gaeltachta gan aon laincisí á chur orthu in ann an teanga Ghaeilge a chleachtadh mar gnáth urlabhartha pobail agus freisin í a sheachadadh ó ghlúin go glúin. Tá an t-iarratas atá á dhéanamh againne mar Chomharchumann fíor lárnach leis an gcuspóir sin a chur i gcrích.

(2) **Tithíocht a bheith ar fáil do theaghlaigh óga na Gaeltachta & Athchriosadh talúna in abhantrach an Spidéil**.

Tá Comharchumann Shailearna i lár próiseas ceannachta seacht n-acra talúna ó Údarás na Gaeltachta in abhantrach an Spidéil le go mbeidh muid in ann tithe a thógáil do lánúin óga ar phraghas réasúnach agus ba mhór againn de bhrí go bhfuil an talamh sin díreach taobh amuigh den chrios forbartha sa Spidéal faoi láthair go n-éireoidh libhse tríd an bplean seo an talamh sin a athchriosadhmar thalamh tógála do thithíocht ar a n-áirítear tithíocht inachmainne agus go mbeidhfear in ann uisce agus séarachas riachtanach don chineál sin forbartha a chur ar fáil isteach chuig an talamh sin. **Tag: Léaráid den phíosa talún ceangailte**

Tá i gceist ag Comharchumann Shailearna tailte eile a cheannacht de réir mar a thagann siad ar an margadh ina cheantar feidhme ón Spidéal go Ros a’ Mhíl agus an dá cheantar sin san áireamh agus ba mhaith linn coinníoll a bheith i bplean an chontae go bhféadfadh eagraíocht phobail mar an Comharchumann tacaíocht na Comhairle Contae a fháil le forbairt tithíochta a dhéanfaidh freastal ar riachtanais tithíochta phobal na Gaeltachta a thionscnamh, a phleanáil agus a thabhairt i gcrích i gcomhar leis na hÚdaráis chuí. Tá gá le cur chuige úr nua uaillmhianach agus tionscnamhach le bheith in ann ár bpobal a spreagadh agus tacú leis le bheith in ann oidhreacht luachmhar de chuid na tíre seo a chaomhnú, a leathnú agus a

sheachadadh ó ghlúin go glúin. Meabhraíonn muid mar chomharchumann go bhfuil comhoibriú den scoth idir muid féin, na comhairleoirí, agus na feidhmeannaigh sa gComhairle Contae ar an ábhar seo agus níl uainn go neartófar an éabhlóidiú cleachtais atá cruthaithe eadrainn tríd an bplean nua comhairle atá á ullmhú ag gComhairle Contae.

(2) **Reilig:** Osclaíodh sean reilig an Chnoic i 1908 agus ní raibh sí lán go ceann 64 bliain ina dhiaidh sin. hOsclaíodh an reilig nua ar an gCnoc lena taobh i dtús na seachtóidí agus tá an reilig sin líonta taobh istigh de 47 bliain. Iarrann muid ar an gComhairle na céimeanna cuí a ghlacadh le reilig a bheith inár gceantar le go mbeidh an chuid den phobail seo a imíonn uainn ar shlí na fírinne in ann a bheith curtha ina gceantar dúchais. Is dial suntais dúinne mar chomharchumann a bhí ag iarraidh talamh a aimsiú go dtí seo le haghaidh reilige go bhfuil an t-airgead a thairgeann Comhairle Contae na Gaillimhe ar thalamh feiliúnach do reilig fíor íseal agus nach bhfuil bun ná barr le a bheith ag súil go mbeadh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag iarraidh talamh a fháil ó aon fheirmeoir sa gceantar seo i bhfad faoi luach an mhargaidh. Mar sin, iarrann Comharchumann Shailearna Teo oraibh mar Chomhairle a chur i bplean an chontae an turas seo go mbeidh ciste leor dhóthaineach ar fáil don Chomhairle Contae ón Roinn Comhshaoil nó ó fhoinsí eile lena chinntiú go mbeidh an Chomhairle in ann praghas an mhargaidh a thabhairt ar thalamh a bheas feiliúnach le forbairt mar reilig ar an gCnoc agus in áiteacha eile i nGaeltacht Chonamara.

Ba mhaith linn a mheabhrú go bhfuil talamh feiliúnach do reilig a bhfuil doimhneas de 8 dtroigh nó ós a chionn ann an-deacair a fháil i dtalamh carraigeach clochach Chonamara. Mar sin, tá sé níos riachtanaí fós go mbeadh an chomhairle in acmhainn luach an mhargaidh ar a laghad a thairiscint ar thalamh a bheadh feiliúnach le haghaidh reilige i gceantar an Chomharchumainn agus freisin i gceantair eile ón gCorrib siar go dtí an Clochán.

Tá tacaíocht tugtha ag an gComharchumann roimhe seo don Chomhairle Contae le cur ar a cumas a bheith in ann méadú a chur leis an reilig i Muighros ar an Tulaigh. Chuir an Comharchumann airgead ar fáil don Chomhairle sa gcás seo. Ní dhéanann sé seo ciall go bhfuil ar eagraíocht phobail nach bhfuil aici ach ón láimh go dtí an béal, go bhfuil Comhairle Contae na Gaillimhe a bhfuil na milliúin mar bhuiséad bliantúil acu ag brath ar chomharchumainn pobail mar muide cuidiú leo reilig a sholáthar i gceantar feidhme an Chomharchumainn. Is den riachtanas é nach mbeidh sé le mothú ag an bpobal go bhfuil an Chomhairle Chontae ag iarraidh teacht i dtír ar an spiorad phobail atá i gceantar in ionad a bheith ag cothú agus ag neartú an spiorad phobail sin trí a bheith ag cur lena acmhainní in áit a bheith ag braith ar acmhainní uaidh le seirbhísí riachtanacha pobail a sholáthar. Ba chóir aghaidh a thabhairt ar an gcleachtas sin a athrú sa bplean contae seo.

(3) **An Bóthar R336**: Is léir go bhfuil rioscaí sláinte agus sábháilteachta ann do dhaoine a thaistealaíonn an bóthar R336 leis an trácht trom laethúil a bhíonn air. Táthar le fiche bliain ag obair agus ag plé ceist an chuar bhóthair agus idir an dá linn tá moill curtha ar obair fheabhsúcháin a dhéanamh ar R336 chomh maith le ceadúnais phleanála a bheith diúltaithe do dhaoine áitiúla ar shuíomhannna a bhí gar do chosán an chuar bhóthair. Iarann muid ar an gComhairle Contae go ndéanfaí an bóthar seo a dheasú de réir na gCaighdeán atá aitheanta do bhóithre go bhfuil an oiread trácht orthú agus atá ar bhóthar an R336.

Faoi láthair, tá fadhb ollmhór ann le rothaithe atá thar a bheith líonmhar ar an R336 agus contúirt ann dóibh féin agus do lucht tiomána carranna agus busanna cheal lánaí cearta rothaíochta.

Tá gá le cosáin siúil agus rothaíochta a fhorbairt sa gceantar agus le cladach. Bheadh an fhorbairt seo feiliúnach don áit mar tá an-éileamh ann ar rianta siúil. Tharla gur ceantar Gaeltachta é seo atá ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, chabhródh cosáin siúil agus rothaíochta (bealach glas agus bealach gorm) óna Forbacha go Cuan Chasla agus timpeall ar chomh fada siar leis an gCeathrú Rua ar mhaithe le;

(a) Caighdeán maireachtála an pobail a fheabhsú agus deis a bheith aige leas a bhaint as acmhainní nádúrtha an cheantair ar mhaithe le sláinte coirp agus meabhair shláinte an duine.
(b) Cur leis an líon cuairteoirí/turasóirí go dtí an ceantar a mhéadú.
(c) Méadú ar an tréimhse a chaitheann cuairteoirí ins an gceantar
(d) Cuidiú le lucht na gColáistí Gaeilge trí leas a bhaint as na hacmhainní nádúrtha seo le cur lena gclár oibre do na scoláirí
(e) Ioncam a ghiniúint do ghnóanna, bialanna, siopaí, tithe lóistín agus srl
(f) Fostaíocht a chruthú sa gceantar.

**(5) Bóithre Áise:** Ba réamh riachtanas i gcás na ndeontas a chuir Roinn na Gaeltachta ar fáil don Chomhairle Chontae ó na seachtóidí i leith go gcuirfí na bóithre éagsúla a bhfuair an Chomhairle Chontae deontas lena ndéanamh agus le tearra a chur orthu ó Roinn na Gaeltachta glactha ar láimh ag an gComhairle agus go mbeadh an Chomhairle freagrach uaidh sin amach as athchóiriú a dhéanamh ar na bóithre céanna sin. Tá fianaisí ann go raibh cásanna ann nár ghlac an Chomhairle Chontae an cúram sin orthu féin cé go raibh sé mar choinníoll docht daingean sa deontas a cuireadh ar fáil dóibh ón Roinn agus a ghlac siad leis ón Roinn. Toradh fíor dhiúltach do dhaoine atá ar lorg cead pleanála anois nach bhfuil sin ar fáil dóibh ón gComhairle Contae mura bhfuil an suíomh suite ar bhóthar atá faoi chúram na Comhairle Contae. Mar sin ba chóir cúram a dhéanamh ins an bplean contae seo go gcomhlíonfadh an Chomhairle an coinníoll áirithe sin a bhí ag dul leis na deontais a fuair siad ó Roinn na Gaeltachta go síor ghabhálach go dtí an t-am ar tosaíodh ag glacadh leis na deontais sin a raibh an coinníoll áirithe thuas luaite ag dul leo agus mar sin go gcinnteofaí go gcuirfí na bóithre éagsúla a fritheadh tacaíocht na Roinne faoina gcoinne i seilbh na Comhairle Contae ag tús tréimhse feidhme phlean nua na Comhairle Contae. Mura ndéantar sin is den riachtanas é go dtabharfar cead pleanála do dhaoine ar shuíomhanna atá suite taobh leis na boithre sin fiú agus gan iad glactha ar láimh ag an gComhairle.

**(6) Córas séarachais don cheantar a bheidh in ann freastal ar riachtanais an phobail;**

Cuireann easpa líonra bailiúcháin agus cóirithe fúiolluisce sa nGaeltacht isteach go mór ar thógáil tithíochta, áiseanna pobail agus ar fhorbairtí gnó. Dfhéadfaidh tús a chur leis seo trí chomhráití a thosaigh idir an Chomhairle Contae agus Údarás na Gaeltachta agus mar thús, le cead an Údaráis, go n-úsáidfar na córais fúiolluisce atá ar roinnt eastáit tionscail ón Spidéal go dtí an Cheatru Rua. Go mbeadh an córas séarachais atá beartaithe do cheantar an Spidéil méadaithe sa gcaoi agus go mbeadh sé inann ceantar níos leithne ná mar atá beartaithe faoi láthair a sheirbhísiú. Go bhféadfaidh plean séarachais na Ceathrún Ruaidh a cheangail leis an

Ionad fuíolluisce i Ros a Mhíl agus a bhuntáiste sin a bheith ar fáil do na ceantair ar feadh an bhealaigh.

(7) **An chéad ionad cruthaithe beochta do cheantair tuaithe atá á mbánú;** Sé aidhm an togra seo go bhfuil muid ag iarraidh deireadh a chur leis an mbánú tuaithe atá ag tarlú ins na limistéir Ghaeltachta ag tosaí lenár gceantar féin, go bhfuil muid ag iarraidh an athbheochan sin a dhéanamh ar bhealach go mbeidh daoine a rugadh agus a tógadh sa gceantar seo in ann fostaíocht den scoth a fháil tríd an idirlíon gan an baile a fhágáil agus go mbeidh an fhostaíocht seo á cur ar fáil dóibh ag comhlachtaí a bhfuil agus a mbeidh a gcuid scileanna ag teastáil uathu thar lear. Tá an togra seo dírithe ar oideachas den scoth a chur ar fáil dár bpobal féin ag baile agus ansin go mbeidh an pobal sin in ann a gcuid seirbhísí a thairiscint do chomhlachtaí thar lear atá faoi scáth ár ngaolta agus ár gcairde sa Diaspora a mbeadh suim acu in inmharthanacht an phobail seo ar mhaithe le go mbeadh teacht acu féin agus ag a sliocht ar ár dteanga agus ar ár noidhreacht amach anseo.
Le go n-éireoidh leis an straitéis seo tá sé tabhachtch go mbeidh ollscoileanna ag tairiscint cúrsaí léinn cuí, taighde phraicticiúil agus comhlachtaí campais leis an gcoincheap a thabhairt chun aibíochta. Beidh Comharchumann Shailearna i gcomhar le go leor eagraíochtaí náisiunta agus idir náisiunta ina cheann ródaí ar an gcoincheap seo. Iarann muid go dtabharfar aitheantas sa bplean Contae don fhorbairt nua uaillmhianach seo a thabharfaidh pobail atá ag fáil bháis le blianta fada ar ais chun beochta.

(8) **Páirc na Mara;** Tá forbairt Pháirc na Mara ina cuid den Phlean Náisiúnta Forbartha. Bunaíodh é le leas a bhaint as acmhainní nádúrtha mara agus le hinfheistíocht a chur isteach i bpobal Gaeltachta agus tuaithe atá buailte cheal fostaíochta. Tá taithí saoil ag pobal Iorras Aithneach ar shaothrú a ghiniúint dóibh féin ó acmhainní na mara. Tá na scilleanna céanna ag pobail le cladach ar chósta an Iarthair. Tá sé nadurtha go dtógfar ar na scileanna agus ar an luí atá ag an bpobal le costa ar shaothrú a mbeatha ar an bhfarraige agus ar tháirgí a bhaineann leis an bhfarraige. Nuair a cheanglaítear sin leis an eolaíocht agus leis an taighde muir eolaíochta atá deanta le blianta anuas ní féidir nó is togra fíor luachmhar don taobh seo tíre Páirc na Mara don abhantrach ina mbeidh sé suite agus do cheantair taobh amuigh di.

(9) **Stádas "snámha" do thránna atá in úsáid ag an bpobal mar aon le cuairteoirí.**

Tá líon ard tránna sa gceantar atá in úsáid go rialta ag an bpobal mar aon le cuairteoirí, lucht na gcoláistí samhraidh agus turasóirí agus níl aon chinnteacht ar ard chaighdeán uisce na dtránna sin de bharr easpa monatóireachta. Tá sé tábhachtach go mbeadh stádas "snámha" ag chuile thrá a bhíonn in úsáid ar mhaithe le dea-chleachtais sláinte agus sábháilteachta. Teastaíonn áiseanna cearta parcála don phobal agus do na seirbhísí éigeandála chomh maith le áiseanna cearta dramhaíola a chur taobh leis na tránna aitheanta seo freisin.

(10) **Stadanna agus scáthláin bus**; Ba cheart stadanna/scáthláin bus a bheith lonnaithe in áiteanna sábháilte praiticiúla mar,sh in aici le eastáit tithíochta sóisialta do dhaoine leochaileacha, scoileanna, hallaí pobail, áiseanna poiblí. Is gá áiteanna straitéiseacha ar leith a phiocadh ar an mbóthar R336 a chuideoidh le plódú tráchta agus an riosca sábháilteachta tríd an gceantar a mhaolú

**(11) Ciste Pobail ag eascairt as aon fhorbairt fuinnimh in-athnuaite ar scála mór (os cionn 1 MW)**

Ba cheart go mbeadh sé mar choinníoll d'aon fhorbairt fuinnimh in-athnuaite ar scála mór (os cionn 1 MW) go ndéanfadh an fhorbairt sin síntiús suntasach do chiste forbartha don cheantar áitiúil – ciste a mbeadh fáil ag Comharchumainn, Pobail agus Scoileanna sa gceantar air chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí pobail agus chun cabhrú le feabhas a chur ar thithíocht cónaithe chomh maith le aiseanna pobail.

**Iarrann muid mar Chomharchumann tacaíocht na gcomhairleoirí tofa, na bhfeidhmeannach agus na Roinne Comhshaoil le go mbeidh ar chumas na Comhairle Contae a bhfuil iarrtha againn san aighneacht seo a chur i gcrích taobh istigh den phlean nua a bheas á ullmhú ag an gComhairle.**

**Sínithe:**

[redacted]

Peigí Uí Chéidigh,

Bainisteoir

Comharchumann Shailearna Teo

Na hAille

Indreabhán

Co na Gaillimhe

Fón: 091 593017

Comharchumann Shailearna Teoranta

*' Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Fostaíochta agus Seirbhísí '*

Gaeltacht na hÉireann

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. **Tel:** 091 593017 **Fax:** 091 593715 R-phost: cst@eircom.net

Oifigeach Riaracháin,

Athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae,

An tAonad um Beartas i dtaca le Pleanáil Chun Cinn,

Áras an Contae,

Cnoc na Radharc,

Gaillimh

H91 H6KX

A Chara,


Ceangailte tá aighneacht ó Chomharchumann Shailearna Teo., maidir le h-Athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae 2022 -2028.

Is mise, le meas,

[redacted]

Peigí Uí Chéidigh

Bainisteoir




TRANSFER MAP

Vector Map with ITM Coordinates

Prepared For:
Sale Agreement

Vendor:
Údaras na Gaeltachta

Purchaser:
Comharchumann Shailearna Teoranta

Scale:
1:1250

Date:
31-1-2020

Drawn By:
Paraic Ó Coirbín

Checked By:
Áine ní Ghreana

Estate No. / Property No.:
8153 / 5160 0 01

Folio No.:
GY3396F

OSI Map No.:
3404-C & 3466-A

Area:
Plot 'A' = 6.961 Acres

Plot 'A' Outlined in Red

Black Lines on Inside Edge of Red Outline Denotes Correct Boundary Field Position.